



AN COMHBHEARTAS TALMHAÍOCHTA (CBT) A MHAOINIÚ

Ar feadh na mblianta fada, rinneadh an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) a mhaoiniú ó chiste amháin, eadhon an Ciste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta (CETRT), ach an 1 Eanáir 2007 ghabh dhá chiste eile ionad an chiste sin, is iad sin an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT).

AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 40(3), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE);

Rialachán (AE) Uimh. 306/2013 agus Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 (IO L 347, 20.12.2013).

FORBAIRT AN CHREATA AIRGEADAIS LE HAGHAIDH TALMHAÍOCHTA

Bunaithe i mí Eanáir 1962, cuireadh CBT chun feidhme ag an am sin tríd an gCiste Eorpach um Threoraíocht agus Ráthaíocht Talmhaíochta (CETRT). In 1964, roinneadh CETRT ina dhá chuid: an Roinn Ráthaíochta agus an Roinn Treoraíochta, agus rialaíodh iad le rialacha difriúla.

- Bhí sé beartaithe an Roinn Ráthaíochta – arbh í go mór fada an ceann ba mhó den dá chiste í – a úsáid chun críche caiteachas a chistiú, ar chaiteachas é a d’eascair as cur i bhfeidhm beartas margaidh agus praghsanna. Ba dhothuartha i gcónaí an caiteachas sin agus dá bhrí sin rinneadh an cistiú a bhí ar fáil a choigeartú chun é a chur i gcomhréir le fíorcheanglais, trí bhíthin buiséid leasaitheacha. Mar riail ghinearálta, rinneadh bearta idirghabhála sa mhargadh a mhaoiniú ina n-iomláine trí Roinn Ráthaíochta CETRT.
- Trí chabhair ón Roinn Treoraíochta maoiníodh oibríochtaí a bhain le beartas struchtúrach agus forbairt ceantar tuaithe. Murarbh ionann agus Roinn Ráthaíochta CETRT, bhí Roinn Treoraíochta CETRT bunaithe ar phrionsabal an chómhaoinithe.

Ó 1988, mar iarracht chun srian a chur leis an méadú ar chaiteachas CBT, cuireadh na cistí a bhí ar fáil faoi réir diansmacht buiséadach tar éis treoirlíne talmhaíochta ilbhliantúil a thabhairt isteach (Cinneadh Uimh. 88/377/CEE, arna fhorlíonadh le Comhaontú Idirinstitiúideach an 22 Meitheamh 1988, faoi Phacáiste ‘Delors I’) (féach Bileog Eolais [1.4.3](#)).



Tar éis Chonradh Maastricht agus na Comhairle Eorpaí i nDún Éideann (Nollaig 1992), rinneadh an creat airgeadais a leasú ó bhonn (Pacáiste 'Delors II'). Ionadaíodh Comhaontú Idirinstitiúideach 1988 le comhaontú nua maidir le smacht buiséadach don tréimhse 1993-1999 (IO C 331, 7.12.1993). Ionadaíodh Cinneadh Uimh. 88/377/CEE le Cinneadh Uimh. 94/729/CE (IO L 293, 12.11.1994), inar deimhníodh an prionsabal trína mbeadh feidhm ag smacht buiséadach maidir leis na comhbheartais uile. Le Clár 2000 (3.2.3), leathnaíodh an treoirlíne talmhaíochta faoin bpeirspictíocht airgeadais don tréimhse 2000-2006 (IO C 172, 18.6.1999). Ag an am céanna, i Rialachán nua (CE) Uimh. 1258/1999 (IO L 160, 26.6.1999, Ich. 103) leagadh síos na socruithe airgeadais do CBT.

Formheasadh an Creat Airgeadais Ilbhliantúil do 2007-2013 in 2006 (IO C 139, 14.6.2006) (1.4.3). Faoina cheannteideal 2, 'Caomhnú agus bainistiú acmhainní nádúrtha', cumhdaítear an buiséad talmhaíochta agus forbartha tuaithe, an buiséad comhshaoil agus an buiséad iascaigh (EUR 413 bhiliún ag na praghsanna reatha, arb ionann é agus 42.3 % de na leithreasáí gealltanais iomlána do AE-27). Áiríodh i réamhullmhúcháin i ndáil leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil don tréimhse 2007-2013 athbhreithniú ar shocruithe airgeadais CBT.

- Le Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 (IO L 209, 11.8.2005, Ich. 1) cruthaíodh dhá chiste talmhaíochta Eorpacha, eadhon an Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT), agus an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT). Le CERT, déantar na nithe seo a leanas a mhaoiniú, nó uaireanta a chómhaoiniú i gcomhar leis na Ballstáit: caiteachas chomheagrú na margáí talmhaíochta (CEM) (3.2.4); tacaíocht dhíreach d'fheirmeacha (3.2.5); ranníocaíocht an Aontais le tionscnaimh maidir le faisnéis a chur ar fáil agus a chur chun cinn faoi tháirgí talmhaíochta ar an margadh inmheánach agus i dtríú tíortha; agus sciar an Aontais de chostas beart tréidliachta agus costas bailithe agus úsáide acmhainní géiniteacha, i measc míreanna caiteachais ad hoc eile.
- Ag gabháil le Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 bhí Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005 (IO L 277, 21.10.2005) maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe trí CETFT, chun gnéithe airgeadais agus clárúcháin dhara colún CBT a áireamh (3.2.6). Le CETFT cómhaoinítear bearta lena gcuirtear feabhas ar iomaíochas sna hearnálacha talmhaíochta agus foraoiseachta, bearta agra-chomhshaoil, agus bearta lena gcuirtear feabhas ar cháilíocht an tsaoil i gceantair tuaithe agus lena spreagtar éagsúlú an gheilleagair tuaithe agus fothú acmhainní áitiúla (tionscnamh LEADER) (3.2.6).

Rinneadh an Roinn Ráthaíochta a rangú i gcónaí mar chaiteachas éigeantach faoi bhuiséad an Chomhphobail, i.e. caiteachas a tháinig go díreach as an gConradh nó as gníomhartha a glacadh dá bhun. Os a choinne sin, rinneadh caiteachas uile Roinn Treoraíochta CETRT a rangú mar chaiteachas neamhéigeantach. Go dtí teacht i bhfeidhm Chonradh Liospóin (3.2.1), is ag an gComhairle, brainse sinsearach údarás buiséadach AE, a bhí an cinneadh deireanach maidir le caiteachas éigeantach faoin nós imeachta um an mbuiséad bliantúil. Is ag Parlaimint na hEorpa a bhí an chumhacht chinnteoireachta maidir le caiteachas neamhéigeantach, agus é sin faoi réir uasráta méadaithe arna ríomh ag an gCoimisiún ar bhonn paraiméadair eacnamaíochta. Faoi



CFAE nua ([3.2.1](#)), ní dhéantar an t-idirdhealú sin a thuilleadh, agus faoi láthair is iad dhá bhainse an údarais bhuiséadaigh (Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle) a dhéanann na cinntí comhpháirteacha i dtaca le caiteachas talmhaíochta uile.

Maidir leis an tréimhse 2014-2020, rinne Parlaimint na hEorpa, an 19 Samhain 2013 (i Rún Uimh. [P7_TA\(2013\)0455](#) agus Rún Uimh. [P7_TA\(2013\)0456](#)), an Rialachán maidir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (Rialachán (AE) Uimh. 1311/2013, IO L 347) a fhorghnóthas chomh maith leis an gComhaontú Idirinstitiúideach maidir le bainistíocht fhónta airgeadais (IO C 373, 20.12.2013). De bhreis air sin, rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 1290/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1698/2005, a aisghaireadh in athchóiriú 2013, a ionadú le Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 maidir le tacaíocht d'fhorbairt tuaithe trí CETFT (IO L 347, 20.12.2013).

Bunaítear leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil nua buiséad iomlán don cheannteideal 'Caomhnú agus bainistiú acmhainní nádúrtha' (lena n-áirítear CBT), ar fiú EUR 373.17 billiún é ag praghsanna 2011, arb ionann é agus 38.9 % de na leithreasáí gealltanais iomlána do AE-28). Is fiú 28.9 % de ghealltanais bheartaithe iomlána iad rialú margaí talmhaíochta agus íocaíochtaí díreacha ([3.2.10](#), tábla I, líne B). De bhreis air sin, is fiú 8.8 % den iomlán iad na bearta forbartha tuaithe ([3.2.10](#), tábla I, líne B). Dá réir sin, is é atá i mbuiséad réamh-mheasta talmhaíochta agus forbartha tuaithe do 2020 ná EUR 49 mbilliún, arb ionann é agus 34.9 % den iomlán, ar méid é atá faoi bhun an chéatadáin a leithdháileadh ar CBT ag tús na tréimhse arna cumhdach ag an bpeirspictíocht airgeadais (40.5% in 2014) ([3.2.10](#), tábla I, líne D).

Rinneadh athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh talmhaíochta in 2015, tar éis aistriú idir dhá cholún CBT arna gcomhaontú ag na Ballstáit (Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/141 (IO L 24, 30.1.2015)). Sonraítear sa tábla thíos sciaranna cistithe de mhaoiniú CBT agus é miondealaithe de réir CEM, íocaíochtaí díreacha agus forbairt tuaithe.

BUISÉAD CBT 2014-2020 (AE-28)	Iomlán 2014-2020 (EUR billiún ag praghsanna reatha)	% CBT
BEARTA MARGAIDH (CEM)	19.002	
(a) Ioncam sannta	(4.704)	
(b) Cúlchiste géarchéime	+3.155	
(A) IOMLÁN CEM [(a) + (b)]	17.453	4.3 %
IOCAÍOCHTAÍ DÍREACHA (ID)	298.438	
(c) Aistrithe chuig colún 2	(7.369)	
(d) Aistrithe chuig ID	+ 3.359	
(e) GLAN-AISTRITHE [(c) + (d)]	(4.010)	
(f) Cúlchiste géarchéime	(3.155)	
(B) IOMLÁN ID [(e) + (f)]	291.273	71.3 %
IOMLÁN COLÚN 1 [(A) + (B)]	308.726	75.6 %
BEARTA FORBARTHA TUAITHE (FT)	95.577	



(g) Glan-iarmhéid i bhfabhar cholún 2	+ 4.010	
(C) IOMLÁN COLÚN 2 [FT]	99.587	24.4 %
IOMLÁN CBT 2014-2020 [(A)+(B)+(C)]	408.313	100 %

In 2016, thionscain an Coimisiún athbhreithniú meántearma ar chreat airgeadais ilbhliantúil 2014-2020 ([COM\(2016\) 0605](#)). Tháinig deireadh leis na caibidlíochtaí talmhaíochta maidir leis an rialachán ‘omnibus’ i mí Dheireadh Fómhair 2017. Fiú mura ndearnadh difear do mhéideanna CBT, áiríodh san athbhreithniú roinnt athruithe ar ghníomhartha talmhaíochta bunúsacha 2013 (Rialachán (AE) Uimh. 2393/2017, IO L 350, 29.12.2017) ([3.2.9](#)).

CINEÁL ATHRAITHEACH CAITEACHAIS TALMHAÍOCHTA AGUS TUAITHE

A. Forléargas

Foráiltear do EUR 161.7 billiún ar an iomlán le haghaidh leithreasáí gealltanais i mbuiséad an Aontais do 2019. Seasann íocaíochtaí díreacha do 25 % de na leithreasáí (EUR 40.5 billiún), seasann bearta forbartha tuaithe do 9.1 % (EUR 14.7 billiún), agus seasann caiteachais eile do 3.2%. Ar an iomlán, in 2019, tá 36.1 % de bhuiséad an Aontais (EUR 58.4 billiún) ag gabháil do CBT.

Le blianta beaga anuas tá laghdú leanúnach tagtha ar an sciar de bhuiséad an Aontais Eorpaigh a leithdháiltear ar chaiteachas talmhaíochta. Cé gurbh ionann CBT agus 66 % de bhuiséad an Aontais go luath sna 1980idí, níl i gceist leis ach 37.8 % den bhuiséad sa tréimhse 2014-2020 ([3.2.10](#), tábla I, líne D). Ó 1992 i leith, dáta an chéad leasuithe ó bhonn ar CBT agus an dáta ar tháinig méadú mór ar chabhair dhíreach, d’fhan caiteachas talmhaíochta cobhsaí i dtéarmaí réadacha, seachas in 1996 agus 1997 (de thoradh ar ghéarchéim ghalar na bó mire agus aontachas na dtrí Bhallstát nua). Dá bhrí sin, idir 1990 agus 2020, nuair a dhéantar é a fhritháireamh in aghaidh ollioncam náisiúnta (OIN) an Aontais, meastar go mbeidh laghdú tagtha ar chostas buiséadach CBT ó 0.54 % go dtí 0.34 % ([3.2.10](#), tábla I).

B. Leithdháileadh de réir catagóir caiteachais agus de réir earnála

Is ionann 92.8 % den chaiteachas faoin gcéad cholún (EUR 44.7 billiún de réir na tuarascála airgeadais is déanaí arna foilsiú do 2017) agus cabhair dhíreach d’fheirmeoirí (EUR 41.5 billiún) ([3.2.10](#), tábla V, colún 1(a) agus (b)). As an méadú mór ar chabhair dhíreach ó 1992 i leith, tháinig laghdú comhfhreagrach ar chaiteachas eile CERT/Roinn Ráthaíochta CETRT: díotháíodh fóirdheontais onnmhairiúcháin in 2017 agus maidir le bearta idirghabhála eile ar an margadh (stóráil, cistí chun tionscal an tsiúcra a athstruchtúrú, gníomhaíochtaí cur chun cinn agus faisnéise, bearta tréidliachta agus fíteaplanctóin) ní raibh i gceist leo ach EUR 3.1 billiún (6.9 % den iomlán) ([3.2.4](#), Tábla 1).

C. Dáileadh de réir tíre agus cineál feirme

Mar a léirítear i dTábla V, i dtaca le bliain airgeadais 2017 ([3.2.10](#)), is í an Fhrainc an faighteoir CBT is mó (17.5 %), agus ina dhaidh sin an Spáinn (11.4 %), an Ghearmáin (10.8 %) agus an Iodáil (9.4 %). A mhéid a bhaineann le CETFT, áfach, is iad an Fhrainc agus an Rómáin na faighteoirí is mó (15.8 % agus 14.1 % d’íocaíochtaí iarbhír faoi



seach in 2017), agus ina dhiaidh sin an Ghearmáin (8.6 %) agus an Iodáil (7.1 %). Ba cheart a thabhairt faoi deara nach leithdháiltear ach cuid bheag de chaiteachas CERT ar na Ballstáit nua (AE-13) (22.3 % in 2017). Tá sciar suntasach (33.7 %) de chistiú CETFT á leithdháileadh orthu, áfach, i gcomhréir leis an tosaíocht atá á tabhairt do nuachóiriú áiseanna talmhaíochta agus forbairt na gceantar tuaithe.

I dTábla V, colún 2 ([3.2.10](#)), léirítear dáileadh éagothrom chabhair dhíreach CBT ar leibhéal na feirme: fuair 78.8 % de thairbhíthe CBT in AE-28 níos lú ná EUR 5 000 in íocaíochtaí bliantúla in 2016, arb ionann é agus méid comhiomlán de 15.6 % den chabhair dhíreach iomlán a íocadh faoi CERT. Os a choinne sin, faigheann céatadán an-bheag d'fheirmeacha (121 713 as méid iomlán de 6.7 milliún, i.e. 1.81 %) níos mó ná EUR 50 000, arb ionann é agus méid comhiomlán de EUR 12.57 billiún (14.57 % den chabhair dhíreach iomlán a íocadh in 2016). Is iad na tíortha ina bhfuil céatadán níos airde d'fheirmeacha móra (nó gnólachtaí) a fhaigheann airgead faoi CBT ná an Danmhairg, an Fhrainc, an tSeicia, an Ríocht Aontaithe agus an tSlóvaic. Ar ndóigh, mar gheall ar an staid sin tá amhras á chaitheamh ar dhlísteacht chabhair CBT a mhéid a bhaineann leis an bprionsabail a chuirtear i bhfeidhm i leith na saoránach ina n-iomláine (cánachas forchéimnitheach, an comhrac in aghaidh neamhionannas).

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

De thoradh ar chomhaontuithe idirinstiúideacha 1988, 1993, 1999, agus 2006, tá tionchar níos mó ag Parlaimint na hEorpa i ndáil le caiteachas éigeantach. Tar éis na gcaibidlíochtaí fada i dtaca leis an Rialachán lena leagtar síos an creat airgeadais 2014-2020, tháinig ar chomhaontú polaitiúil ag deireadh mhí an Mheithimh 2013, agus ghlac dhá bhrainse an údarais bhuiséadaigh é sin i mí na Samhna 2013. Mar gheall ar an tionchar atá ag an bParlaimint sa mhéid gur gá comhaontuithe den sórt sin a fhorghnas sa seisiún iomlánach, d'éirigh léi leasú a dhéanamh ar an gcomhaontú i bprionsabal ón gComhairle Eorpach an 7-8 Feabhra 2013. I measc na n-athruithe a comhaontaíodh, bhí: solúbthacht mhéadaithe i mbainistiú cheanteidil an bhuiséid, atreisiú an Aonaid Buiséid, úsáid láithreach leithreasaí gan íoc ó bhuiséad 2013 ag na Ballstáit agus feabhas ar na leithreasaí arna leithdháileadh faoi Cheanteideal 1 (iomaíochas) (Rún [P7_TA\(2013\)0455](#) agus Rún [P7_TA\(2013\)0456](#)). Tar éis na gcruinnithe tríthaobhacha deireanacha i mí Mheán Fómhair 2013, chuir an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe feabhas ar roinnt gnéithe airgeadais de chuid CBT nua. Leis na hathruithe sin, bhí an Parlaimint in ann, an 20 Samhain 2013, na téacsanna rialála uile a cheadú (Rún [P7_TA\(2013\)0490](#) go Rún [P7_TA\(2013\)0494](#), IO C 436, 24.11.2016). Foilsíodh na cúig rialachán nua an 20 Nollaig 2013 (IO L 347, 20.12.2013). Rinneadh togra le haghaidh Creat Airgeadais Ilbhliantúil i ndiaidh 2020 a thíolacadh an 2 Bealtaine 2018 ([3.2.9](#)).

Albert Massot
05/2019

